Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
H91 H6KX.

Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway.
H91 H6KX.

Fón/Phone: (091) 509 000
Facs/Fax: (091) 509 010
Idirlíon/Web: www.gaillimh.ie
www.galway.ie

@GalwayCoCo
GalwayCounty

Tithíocht
Housing
(091) 509 300
housing@galwaycoco.ie

Deontais Tithíochta
Housing Grants
(091) 509 301
housing@galwaycoco.ie

Seirbhísí Corparáideacha
Corporate Services
(091) 509 225
corpserv@galwaycoco.ie

Timpeallacht & Tréidliachta
Environment & Veterinary
(091) 509 510
environment@galwaycoco.ie

Bóithre, Iompar & Muirí
Roads, Transportation & Marine
(091) 509 309
roads@galwaycoco.ie

Acmhainní Daonna
Human Resources
(091) 509 303
hr@galwaycoco.ie

Mótarcháin
Motor Taxation
(091) 509 099
motortax@galwaycoco.ie

Clár na dToghthóirí
Register of Electors
(091) 509 310
electors@galwaycoco.ie

Seirbhísí Uisce
Water Services
(091) 509 505
water@galwaycoco.ie

Pobal & Fiontar
Community & Enterprise
(091) 509 521
community@galwaycoco.ie

Pleanáil
Planning
(091) 509 308
planning@galwaycoco.ie

Leabharlann
Library
(091) 562 471
info@galwaylibrary.ie

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

## Straitéis Iompair na Gaillimhe

## Ráiteas agus Cinneadh Deiridh i dtaobh Measúnú Cuí

De réir riachtanais Alt 6(3) de Threoir na nGnáthóg agus Alt 42 (1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúir) 2011 (I.R. Uimhir 477 de 2011), rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi seach Scagadh ar Mheasúnú Cuí ar Straitéis Iompair (dá ngairtear an GTS ina dhiaidh seo). Ba é a cinneadh ag eascairt as an méid sin gur theastaigh Measúnú Cuí (AA).

Is é atá mar bhunús leis an gCinneadh AA seo ná ábhar na gcáipéisí GTS, a bhfuil Ráiteas Tionchair Timpeallachta (NIS) san áireamh leo, ráiteas a d'ullmhaigh GTS, mar a cheanglaítear faoi Alt 42 (9) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimhir 477 de 2011). Tá an NIS curtha san áireamh in Aguisín J den GTS, mar a bhfuil measúnú ar cé acu an ndéanfadh nó nach ndéanfadh an GTS dochar do shláine láithreáin Natura 2000 (dá ngairmtear ina dhiaidh seo Láithreáin Eorpacha).

Tá an scrúdú, an anailís agus an mheastóireacht atá déanta ar chuspóirí agus ar aidhmeanna straitéiseacha an GTS, mar aon leis na gnéithe éagsúla de thograí beartaithe atá mar thaca acu, leagtha amach in Alt 3 den NIS agus achoimre tugtha orthu i gCaibidil 9 de phríomhthuairisc an GTS. Is éard atá i gcorp an NIS ná achoimre ar thoradh gach céime de na measúnuithe mionsonraithe, mar aon le heolas tacaíochta atá sna hAguisíní a ghabhann leis an NIS.

Cuireadh an GTS os comhair an phobail agus fuarthas aighneachtaí ó bhaill den phobal, ó ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí náisiúnta áirithe, ina measc an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (DAHG)/An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (DAHRRG). Rinneadh dhá aighneacht: ceann a rinne an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an 26ú Bealtaine 2016 (SEA Straitéis Iompair na Gaillimhe); agus ceann a rinne an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an 26ú Iúil 2016 (FP2016/034).

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe scrúdú, anailís agus meastóireacht ar an measúnú cuí a rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe i ndáil le GTS (tá cóip de ráiteas agus cinneadh deiridh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe iniata). Cinneann Comhairle Chontae na Gaillimhe go n-aithnítear go sásúil sa mheasúnú a rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe na ceisteanna go léir atá ann i bhfianaise an eolais atá ar fáil i ndáil leis an GTS. Is deimhin le Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil an t-eolas ar fad atá ar fáil acu chun measúnú cuí a dhéanamh ar an GTS.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe scrúdú, anailís agus meastóireacht ar ábhar an GTS, lena n-áirítear na sonraí a cuireadh i láthair sa NIS, an t-eolas ábhartha go léir, agus na haighneachtaí ábhartha a fuarthas ó thríú páirtithe a bhaineann leis an GTS. Tá

Áras an Chontae,
Cnoc na Radharc, Gaillimh.
H91 H6KX.

Áras an Chontae,
Prospect Hill, Galway.
H91 H6KX.

Fón/Phone: (091) 509 000
Facs/Fax: (091) 509 010
Idirlíon/Web: www.gaillimh.ie
www.galway.ie

@GalwayCoCo
GalwayCounty

Tithíocht
Housing
(091) 509 300
housing@galwaycoco.ie

Deontais Tithíochta
Housing Grants
(091) 509 301
housing@galwaycoco.ie

Seirbhísí Corparáideacha
Corporate Services
(091) 509 225
corpserv@galwaycoco.ie

Timpeallacht & Tréidliachta
Environment & Veterinary
(091) 509 510
environment@galwaycoco.ie

Bóithre, Iompar & Muirí
Roads, Transportation & Marine
(091) 509 309
roads@galwaycoco.ie

Acmhainní Daonna
Human Resources
(091) 509 303
hr@galwaycoco.ie

Mótarcháin
Motor Taxation
(091) 509 099
motortax@galwaycoco.ie

Clár na dToghthóirí
Register of Electors
(091) 509 310
electors@galwaycoco.ie

Seirbhísí Uisce
Water Services
(091) 509 505
water@galwaycoco.ie

Pobal & Fiontar
Community & Enterprise
(091) 509 521
community@galwaycoco.ie

Pleanáil
Planning
(091) 509 308
planning@galwaycoco.ie

Leabharlann
Library
(091) 562 471
info@galwaylibrary.ie

**Comhairle Chontae na Gaillimhe**
**Galway County Council**

Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aon fhocal le torthaí agus le conclúid an NIS, le ráiteas deiridh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i dtaobh an mheasúnaithe agus leis na cúiseanna a thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe nach ndéanfaidh an GTS, as féin nó i dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile, aon dochar do shláine Láithreáin Eorpaigh ar na cúiseanna seo a leanas:-

- beidh ar aon phlean nó aon tionscadal beartaithe cloí le beartais agus cuspóirí uileghabhálacha Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus Dréacht-Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023, faoi mar a bhraitheann sé ar láthair an phlean shonraigh nó an tionscadail bheartaithe;

- tá beartais, cuspóirí, caighdeáin forbartha agus/nó treoirlínte áirithe i bpleananna náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla a chinnteoidh go gcosnófar láithreáin Eorpacha ó dhochar a d'fhéadfaí a dhéanamh trí aon cheann de na cosáin tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann;

- ní dhéanfar aon dochar do shláine láithreán Eorpach de bharr na dtionscadal beartaithe sonracha a aithnítear mar chuid den mheasúnú i gcomhar, de bharr bearta maolaithe a bhaineann le tionscadail ar leith a bhfuil cur síos orthu ina EIS/NIS faoi seach, san áit a bhfuil siad ar fáil; agus

- ní dhéanfar aon dochar do shláine láithreán Eorpach de bharr chur i bhfeidhm an GTS amháin. Tá seo amhlaidh mar go gcaithfidh aon tionscadal a eascraíonn as an GTS cloí leis na bearta maolaithe do gach ceann dá chosáin tionchair ionchasacha a bhfuil cur síos orthu in Alt 3.2 den NIS;

- Tá d'oibleagáid ar gach údarás poiblí de bhun Alt 27(2) de Rialacháin na nGnáthóg, 2011 a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhlíonadh riachtanais Threoir na nGnáthóg/na nÉan agus Rialacháin na nGnáthóg, 2011.

Tá sé cinnte ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, i bhfianaise eolas eolaíochta, lena n-áirítear cineál na dtionchar a thuartar a d'fhéadfadh teacht as an GTS agus cur i bhfeidhm na mbearta maolaithe a mholtar ansin, nach ndéanfaidh an GTS, as féin nó i dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile, aon dochar do shláine Láithreán Eorpach.

Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí,
Pleanáil, Pobal, Fiontar agus Forbairt Eacnamaíochta.

Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí,
Seirbhísí Bóithre, Iompair, Mara & Ginearálta

An 19ú Nollaig 2016